

AN SGÉALOIDHE

An Pádraic Ó Clochartaigh seo a tháinig isteach go Gaillimh chugam an 15adh lá de Bhealtaine thugas cuairt indiu air ina bhaile féin. Bhí cúirt Dhoire an Fhéidh thart timcheall a dó a chlog agus d'imthigheadar liom siar. Bhí Pádraic Ó Gallchobhair, dligheadóir, in éindigh liom. Ar an mbealach siar dúinn d'iarr fear marcaidheacht orm. Thugas marcaidheacht dó agus do ghasúr a bhí in éindigh leis. Fear timcheall 65 bliain, stracadh ina shiubhal, agus é trom-chosach - bhí teas san aer—éadach trom olla air de dhéantús na n-oileán gan cóta air gan báinín ach léine trom olla agus bheist. Trí bliana sa mbaile ó Mheireacá áit ar chaith sé 26 bliain ag pábháil sráideanna i gcathair St Paul. Ait an rud go raibh siopa bróg ag m'athair sa gcathair chéadhna!

Níor phós an fear pábhála ariamh, agus nuair a bhí a ré oibre caithte tháinig sé abhaile. Bhí cosmhalach air nár fhág sé Leitir Móir ariamh. Bhí sé roinnt bodhar agus shílfeá ar a chuid Gaedhilge nar labhair sé aon teanga eile ach í. Iomdha sin Gaedhilgeoir nach dtagann abhaile.

Shroicheamar Baile na Cille timcheall a ceathair a chlog. Chaitheamar tamall maith ar thaobh an bhóthair ag ithe lóin.

Tá teach an sgéalaidhe leath-mhíle ó dheas den bhóthar go Cuigéal agus timcheall míle ón gCuigéal. Nuair a tháinigemar go dtí an teach dubhradh linn go raibh Pádraic ar an bhfairrge ag iasgach. Chuamar síos an bóithrín go dtí an taobh ó dheas san áit a mbeadh sé a'teacht i dtír. Tá an cuainín míle ón teach agus tá an taobh seo de Gharumna leacach lom gan sgraith ar an leic ach ach ins na loganna. Mórán de na loganna curtha faoi fhataí agus tá corr-phaiste le feiceál. Beithigh annseo agus ansiúd. Níl teach ar bith idir teach an sgéalaidhe agus an cladach. Sé an caoláire atá idir Garumna agus Árainn.

Bhí an lá go hálainn ar fad agus bhí oileán Dá Bhruithneog agus an t-Oileán Iarthach mar a bhfuil teach soluis le feiceál. Bhí an sgéalaidhe go díreach taréis teacht i dtír nuair a shroicheamar an cuainín agus bhí mac dó in éindigh leis. Bhí sé mhongach aca, trí cinn aca mór agus trí cinn ar mhéid sgadáin. Bhí dhá spiléad aca, baoití eascainn a fuair siad faoi chlocha ar an gcladach. Bhí an curach ceangailte sa gcuainín, curach adhmaid a rinneadh i gCloch na Rón. Thógas pictiúr den chuainín; an curach agus coca mór feamainne sa bpictiúr freisin. Tá an teach ard agus radharc breagh ón tsráid. Cuan Chill Chiaráin siar aduaidh, Cnoc Mordáin, Cnoc Coillín agus taobh thiar os a chionn lorrus Beag, na beanna i bhfad ó thuaidh. Caorán Aoidh siar uainn i ngar.

Níl fasnadh dá laghad ag an teach ná cosaint ar aon ghaoith - - teach fada cinn tuighe. Fairsinge ann. Bhí bean Phádraic sa gclúid. Seanbhean lag lághach. Bhí slaghdán uirthé. Dubhairt sí nach raibh mórán le rádh aice. Dheargas mo phíopa. Dubairt Pádraic nár chaith sé féin tobac ariamh, ach go gcaitheann a bhean agus go mbeadh imreasán ann mara gcoinníghedh sé tobac léithe.

Shuidheamar ar an cathaoireacha agus bhí fonn innsinnte ar an sgéalaidhe. Thosuigh sé ar *Sgéal an Ghabha nach raibh i ndon tada a dhéanamh ach Iarann Céachta*.

Bhí an la go breagh te amuich ach bhíos plúchta le teas na teine agus b'éigin dom a iarraidh amach. Chuadhamar amach agus thugamar na cathaoireacha linn agus bhíos a' sgríobh go dtí a seacht a chlog.

Tá an teach déantá le dhá chéad bliain agus bunadh a sheanmháthar ann ó thús. Cleamhnas isteach a bheadh ina athair mór. Phós sé bean de Chloinn Mhac Confhaola. Le cladach a bhí na tighthe ar dtús, agus an áit ar fad faoi phortacha. Ní raibh teach níos fuide isteach ón gcladach ná a theach féin. Níl aon teach idir é agus an cladach anois agus tá go leor tighthe ó thuaidh de. An mhóin ar fad bainte, agus an sgrath ghlas dá dhóghadh ag na daoine.

Badh é an t-ocras a chuir cosg leis an sgéalaidheacht timcheall a seacht a chlog.

Chuadhamar annsin go dtí an teach aoidheachta sa gCuigéal agus tháinig an sgéalaidhe i néinfheacht linn. Nuair a bhí biadh caithte againn thosuigh sé ar an sgéalaidheacht aríst. Bhí dhá bhuidéal leann dubh ólta aige agus bhí spreacadh ina ghlór. D'innis sé roinnt sgéalta beaga a bhfuil a leithidí céadna le fágáil in Aesop, agus is rí-dheas uaidh iad a innseacht.

D'eirigheamar as an sgríbhneoireacht timcheall a deich a chlog mar bhí bóthar fada romhainn go Gaillimh. Bhí an sgéalaidhe an-tsásta linn agus ríméad ar as a chuid sgéalaidheacht.